Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**15701/23**

**JAI 1530**
**MIGR 404**
**ASIM 109**
**SOC 806**
**EMPL 580**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 16 Samhain 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 715 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN maidir le Soghluaisteacht Scileanna agus Tallainne |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 715 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 715 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 15.11.2023
COM(2023) 715 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**maidir le Soghluaisteacht Scileanna agus Tallainne**

## 1. RÉAMHRÁ

Tá lucht saothair oilte ríthábhachtach d'iomaíochas gheilleagar an Aontais, agus dá chumas fáis agus nuálaíochta. Tá fostóirí ag streachailt chun teacht ar na hoibrithe a theastaíonn uathu. Léiríodh i mBosca Uirlisí Déimeagrafaíochta an Choimisiúin le déanaí an chaoi a gcuireann aosú an daonra san Eoraip leis an dúshlán[1]. **Ní mór don Aontas gníomhú go práinneach chun borradh a chur faoina lucht saothair.**

**Déanann ganntanais lucht saothair san Aontas Eorpach difear do ghairmeacha agus d'earnálacha éagsúla ar gach leibhéal scileanna**, lena n-áirítear cúram sláinte, cúram fadtéarmach agus gníomhaíochtaí oibre sóisialta, tógáil, monarú, iompar agus stóráil, seirbhísí cóiríochta agus bia, innealtóireacht, gníomhaíochtaí teicniúla agus eolaíocha agus Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC). Tá bearnaí intuartha scileanna sna réimsí atá riachtanach de réir mar a théann an tAontas in oiriúint do dhomhan atá ag athrú. Agus na beartais chearta i bhfeidhm, cruthóidh an t-**aistriú glas** idir 1 agus 2.5 milliún post breise faoi 2030. Leis an **aistriú digiteach**, méadófar an t-éileamh ar shaineolas TFC ardleibhéil agus ar bhunscileanna digiteacha araon, agus faoi láthair beidh an tAontas 11 mhilliún níos lú ná an sprioc atá aige 20 milliún gairmí TFC a fhostú faoi 2030[2].

**Cuirtear i bhfios go láidir i mBliain Eorpach na Scileanna go bhfuil agus go mbeidh cur chuige straitéiseach fíor-riachtanach chun ganntanais saothair agus scileanna a réiteach.** Ní mór tús a chur leis an obair sin sa bhaile. i gcroílár bheartas an Aontais maidir leis an margadh saothair tá bearta chun an lucht saothair intíre a athsciliú agus a uas-sciliú[3], grúpaí a bhfuil rannpháirtíocht níos ísle acu i margadh an tsaothair a ghníomhachtú[4] (amhail mná, daoine óga, oibrithe scothaosta, daoine faoi mhíchumas agus daoine a mbaineann cúlra imirceach leo), agus soghluaisteacht laistigh den Aontas a éascú. Tá go leor gníomhaíochtaí ar siúl cheana féin (féach an achoimre in Iarscríbhinn), lena gcuirtear chun cinn córais agus cleachtais chun cáilíochtaí a aithint agus chun scileanna a bhailíochtú, chun cabhrú le soghluaisteacht an lucht saothair bacainní sa Mhargadh Aonair a laghdú agus chun soghluaisteacht foghlaimeoirí a fheabhsú. Mar sin féin, ní leor na gníomhaíochtaí sin amháin chun freastal ar an éileamh. Agus scileanna níos fearr ar fud an domhain, beidh tionchar ag cumas iomaíochta an Aontais amach anseo tallann dhomhanda a mhealladh agus timpeallacht thacúil a chur ar fáil chun **daoine a bhfuil scileanna acu a thabhairt chun na hEorpa**.

Leanfaidh an tAontas den **chomhar le tíortha comhpháirtíochta a dhoimhniú**, lena n-áiritheofar cur chuige a rachaidh chun tairbhe an dá thaobh maidir le bealaí nua a oscailt don imirce dhleathach, tacaíocht a chur ar fáil i bhforbairt scileanna agus imirce chiorclach a chur chun cinn d'fhonn gníomhú i gcoinne imirce daoine oilte.

Cuirtear i láthair sa Teachtaireacht seo agus sna tograí a ghabhann léi sraith gníomhaíochtaí a threisíonn a chéile chun go mbeidh an tAontas níos tarraingtí do dhaoine tréitheacha, lena gcumhdaítear an réimse iomlán gairmeacha ina bhféadfadh gá a bheith le scileanna ó fhostóirí chomh maith le borradh a chur faoin tsoghluaisteacht laistigh den Aontas. Tugann sé aghaidh ar bhacainní ar earcaíocht idirnáisiúnta agus cuidíonn sé lena chinntiú gur féidir le náisiúnaigh tríú tír lánúsáid a bhaint as a gcuid scileanna agus cáilíochtaí san Eoraip. Is é is

---

[1] COM(2023) 577 final.

[2] Sprioc a leagadh síos in COM(2021) 118 final. Staitisticí arna dtarraingt ó thacar sonraí Eurostat maidir le speisialtóirí TFC fostaithe, ar fáil ag: Staitisticí |Eurostat (europa.eu)

[3] Cuimsíonn lucht saothair intíre an AE saoránaigh AE atá fostaithe agus dífhostaithe agus náisiúnaigh tríú tír atá ina gcónaí go dleathach.

[4] Amhail mná, daoine óga, oibrithe scothaosta, daoine faoi mhíchumas, Romaigh agus daoine a mbaineann cúlra imirceach leo.

aidhm do na tionscnaimh a cuireadh i láthair **úsáid a bhaint as tacaíocht an Aontais agus as comhmheáchan an Aontais chun cabhrú leis na Ballstáit dul san iomaíocht sa rás domhanda le haghaidh tallann.** Le huirlisí nua atá beartaithe, chabhrófaí le **meaitseáil post** idir fostóirí an Aontais agus náisiúnaigh tríú tír atá ag lorg oibre san Aontas. Is féidir le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais tionchar níos mó a imirt ná iarrachtaí na mBallstát aonair, cás níos láidre a chruthú chun an gá atá ag fostóirí foirne a mhealladh, agus úsáid a bhaint as barainneachtaí scála chun bacainní ar earcaíocht a laghdú. Le go mbeidh sé níos éasca bogadh laistigh den AE — amhail bearta chun soghluaisteacht foghlama a chur chun cinn — bíonn tionchar dearfach freisin acu siúd ó lasmuigh den AE atá ag iarraidh páirt a ghlacadh i margadh saothair an AE.

Is é is aidhm do na gníomhaíochtaí atá leagtha amach **cur chuige trasearnálach uile-rialtais a áirithiú**. **Cuireann sé sin leis an obair atá ann cheana, lena n-áirítear an pacáiste Scileanna agus Tallainne** agus an **Comhaontú maidir le hImirce agus Tearmann**, chomh maith le **comhar leanúnach le tríú tíortha**. Beidh an cur chun feidhme ag brath ar rannchuidiú údaráis imirce agus fostaíochta na mBallstát, gníomhaithe ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach, comhpháirtithe sóisialta, gnólachtaí, agus a gcontrapháirtithe i dtíortha comhpháirtíochta.

## 2. CONAS IS FÉIDIR LE SOGHLUAISTEACHT TALLAINNE Ó THÍORTHA NACH BHFUIL SAN AONTAS A BHEITH MAR CHUID DEN RÉITEACH

Mar gheall ar scála na ndúshlán scileanna atá roimh an Aontas, ní mór **leas a bhaint as na bearta beartais uile atá ar fáil**.

Cheana féin sa lá atá inniu ann, **cuireann náisiúnaigh tríú tír ar bhealach ríthábhachtach le margadh saothair an Aontais** agus le geilleagar an Aontais. Is náisiúnaigh tríú tír iad suas le 13 % de na príomhoibrithe a bhfuil feidhmeanna bunriachtanacha á gcomhlíonadh acu[5]. Tá a margaí saothair á n-oscailt níos mó agus níos mó ag na Ballstáit do náisiúnaigh tríú tír a bhfuil na scileanna riachtanacha acu chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais. In 2022, eisíodh thart ar 1.6 milliún cead cónaithe do náisiúnaigh tríú tír san Aontas chun críocha fostaíochta[6], an figiúr ab airde ó thosaigh Eurostat ag bailiú taifead in 2009. Is iondúil go mbíonn sciar níos airde d'oibrithe a rugadh lasmuigh den Aontas ag gairmeacha ina bhfuil ganntanas[7].

Tá roinnt **Ballstát tar éis athchóirithe ar a gcórais imirce lucht saothair a chur chun feidhme le déanaí nó tá siad ag plé faoi láthair chun iontráil ón gcoigríoch a éascú**[8]**.** Mar sin féin, ní bhíonn sé éasca teacht ar fhaisnéis faoi scéimeanna imirce i gcónaí[9], áfach, agus is

[5] Príomhoibrithe inimirceacha: An méid a chuir siad le freagairt na hEorpa ar COVID-19: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/jrc-news-and-updates/crucial-contribution-migrant-workers-europes-coronavirus-response-2020-05-13_en

[6] Beagnach 3.7 milliún cead cónaithe eisithe in 2022 — Products Eurostat News — Eurostat (europa.eu)

[7] Tuarascáil 2023 maidir le Fostaíocht agus Forbairtí Sóisialta san Eoraip.

[8] Mar shampla, ghlac an Ghearmáin athchóiriú ar imirce lucht saothair i mí an Mheithimh 2023, agus luaigh an rialtas gur gá 400,000 náisiúnach tríú tír a mhealladh gach bliain. Ghlac an Iodáil foraithne nua maidir leis an imirce dhleathach i mí Iúil 2023, inar luadh an gá atá le 833,000 náisiúnach tríú tír idir 2023 agus 2025, i raon leathan earnálacha lena n-áirítear cúram sóisialta, iompar, turasóireacht agus talmhaíocht. Féach Iarscríbhinn 8 den Tuarascáil ar an Measúnú Tionchair maidir le Linn Tallann an Aontais Eorpaigh (SWD(2023) 717 final) chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi bheartais na mBallstát maidir le himirce lucht saothair.

[9] Cé go bhfuil Tairseach Inimirce an Aontais i bhfeidhm, ní i gcónaí a bhíonn náisiúnaigh tríú tír ná fostóirí ar an eolas fúithi, agus ní chuireann sí faisnéis ar fáil atá saincheaptha do chásanna aonair.

minic a bhíonn an comhar le tíortha comhpháirtíochta ilroinnte, rud a fhágann nach bhfuil an tAontas chomh tarraingteach céanna d'oibrithe ionchasacha.

Mura ndéantar oibrithe ó lasmuigh den Aontas a mhealladh agus úsáid níos fearr a bhaint astu, beidh éileamh leanúnach ar shaothar nach bhfuiltear ag freastal air ar fud gach leibhéal scileanna, rud a chuirfidh moill ar an bhfás eacnamaíoch agus a dhéanfaidh difear do cháilíocht na seirbhísí. Ní hamháin go bhfuil gá le AE a dhéanamh tarraingteach do dhaoine tréitheacha domhanda chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais ach chun **nuálaíocht agus dul chun cinn teicneolaíoch a spreagadh freisin**. Is féidir le daoine den scoth tionchar ollmhór a imirt ar chumas an Aontais a bheith nuálach agus samhlacha nua gnó a mhéadú. Mar shampla, más mian leis an Aontas a bheith ina cheannaire i dteicneolaíochtaí suaiteacha agus san aistriú chuig Gréasán 4.0 agus chuig saol fíorúil[10], tá sé ríthábhachtach aghaidh a thabhairt ar an gcuid chúng seo de scileanna ardleibhéil, áit a bhfuil an iomaíocht dhomhanda le haghaidh tallann an-ghéar. Tá scéimeanna tiomnaithe i bhfeidhm ag tíortha amhail SAM agus Ceanada lena ndírítear ar dhaoine éirimiúla ag a bhfuil scileanna a bhfuil tóir orthu[11], mar atá ag roinnt Ballstát[12].

***An tAontas a dhéanamh níos tarraingtí do dhaoine éirimiúla ón gcoigríoch***

Léiríonn táscaire tarraingteachta na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE)[13] nach bhfuil ag éirí leis an Aontas dul san iomaíocht ar mhaithe leis an tallann is fearr ar domhan. Maidir le oibrithe oilte a mhealladh ó thaobh amuigh den Aontas, **níl ag éirí leis an Aontas trí chéile chomh maith agus atá ina chumas**[14]. D'ainneoin ardchaighdeán na beatha agus na ndeiseanna atá ar fáil san Aontas, ní luann náisiúnaigh tríú tír Ballstáit an Aontais i measc na gceann scríbe is fearr leo, agus b'fhearr leo comhaltaí eile ECFE amhail an Nua-Shéalainn, an Astráil, na Stáit Aontaithe nó Ceanada. D'fhéadfadh sé go mbeadh foghlaim teanga na dtíortha cinn scríbe ina thoisc sin freisin. Níl ach Ballstát amháin (an tSualainn) ar na cúig thír is fearr de réir tháscaire tarraingteachta ECFE d'oibrithe ardoilte.

Is inniúlacht chomhroinnte í an imirce dhleathach, rud a chiallaíonn go gcoinníonn na Ballstáit an ceart iomlán líon na ndaoine a ligtear isteach a chinneadh. Mar sin féin, tá **dúshláin agus riachtanais choiteanna** rompu freisin. Is féidir le cur chun cinn an Aontais mar cheann scríbe tarraingteach do dhaoine tréitheacha eachtracha dul chun tairbhe na mBallstát uile, rud a chuirfidh ar chumas na mBallstát sin a bhfuil próifíl idirnáisiúnta níos ísle acu nó a bhfuil níos lú acmhainní acu chun tallann a mhealladh chun tairbhe a bhaint as comhthiomsú na n-iarrachtaí agus lánpháirtiú gheilleagar an Aontais a léiriú. Cuidíonn comhar an Aontais freisin leis na Ballstáit agus le fostóirí aghaidh a thabhairt ar dhúshláin phraiticiúla chomhroinnte: measúnú a dhéanamh ar scileanna náisiúnach tríú tír, iad a mheaitseáil le fostóirí agus an comhar le tríú tíortha a struchtúrú.

**Tá obair ar bun chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh sa chreat reachtach**. Léiríodh i 'seiceáil oiriúnachta' 2019 ar an imirce dhleathach[15] go raibh acquis an Aontais sa réimse sin ilroinnte agus nár leor é chun tarraingteacht fhoriomlán an Aontais a mhéadú. Ó shin i leith,

[10] Féach COM(2023) 442 final.

[11] Féach mar shampla víosa O-1A SAM.

Líonra Imirce na hEorpa, Tuarascáil Sintéise maidir le Conairí Imirceacha do Ghnólachtaí Nuathionscanta agus d'Fhiontraithe Nuálacha san Aontas Eorpach, Nollaig 2019.

[13] Tarraingteacht i dtaobh daoine tréitheacha 2023 - ECFE

[14] Féach an Tuarascáil ar an Measúnú Tionchair maidir le Linn Tallann an Aontais Eorpaigh le haghaidh tuilleadh anailíse, SWD(2023) 717 final.

[15] SWD(2019) 1056 final.

glacadh Treoir athbhreithnithe maidir le Cárta Gorm AE[16], lenar tugadh isteach rialacha níos éifeachtúla chun oibrithe ardoilte a mhealladh (is é mí na Samhna 2023 an spriocdháta lena chur chun feidhme). Mar a leagtar amach sa phacáiste Scileanna agus Tallainne[17], táthar i mbun caibidlíochta maidir leis na tograí ón gCoimisiún chun athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir um Chead Aonair[18] agus ar an Treoir um Chónaitheoirí Fadtéarmacha[19] chun nósanna imeachta imirce dleathaí a chuíchóiriú. Mar obair leantach, gheall an Coimisiún féachaint ar bhealaí féideartha imirce dleathaí chuig an Aontas i dtrí réimse thábhachtacha: cúram fadtéarmach, soghluaisteacht na hóige, agus fiontraithe nuálacha.

Léiríodh go soiléir sa phacáiste Scileanna agus Tallainne nach leor na bearta reachtacha atá ann cheana – **i bhfianaise scála na mbacainní praiticiúla ar náisiúnaigh tríú tír a earcú**. Tá meaitseáil idirnáisiúnta post fós róchasta agus róchostasach do náisiúnaigh tríú tír agus d'fhostóirí araon[20], go háirithe FBManna a bhfuil acmhainní teoranta acu. Is minic a bhíonn costais shuntasacha ar náisiúnaigh tríú tír amhail táillí riaracháin nó costais aistriúcháin. Seachas an t-ualach airgeadais, **tá castacht agus fad na nósanna imeachta maidir le hearcaíocht idirnáisiúnta athchomhairleach** do náisiúnaigh tríú tír agus d'fhostóirí araon[21] — agus tá sé an-deacair nó measartha deacair do níos mó ná leath (52 %) de na cuideachtaí atá ag earcú lasmuigh den Aontas[22]. Is constaic sheanbhunaithe eile iad fadhbanna a bhaineann le rochtain a fháil ar fhaisnéis shoiléir faoi rialacha agus nósanna imeachta maidir le himirce dhleathach[23].

Mar a tugadh chun suntais in aitheasc 2022 an Uachtaráin von der Leyen ar Staid an Aontais, is minic a bhíonn na dúshláin a bhaineann le **haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí náisiúnach tríú tír** ina mbac praiticiúil eile a chuireann bac ar oibrithe teacht isteach san Aontas. Tá oibleagáidí ar leith ar na Ballstáit maidir leis na gairmeacha sin a rialaítear sna Ballstáit uile. Sainíodh íoschaighdeáin oiliúna ar leibhéal an Aontais do sheacht ngairm (amhail altraí agus dochtúirí) faoi reachtaíocht an Aontais maidir le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí gairmiúla (Treoir 2005/36/CE). Is inniúlacht náisiúnta é gairmeacha eile a rialáil[24]. Ní rialaítear na céadta gairmeacha ach i roinnt Ballstát, amhail innealtóirí sibhialta nó teicneoirí téimh. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le cinntí aitheantais foirmiúla chun rochtain a fháil ar ghairm, ach freisin chun críocha imirce dleathaí nó chun rochtain a fháil ar thuilleadh staidéir.

[16] Treoir (AE) 2021/1883 an 20 Deireadh Fómhair 2021 maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe do náisiúnaigh tríú tír chun críche fostaíocht dar gá ardcháilíochtaí, agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/50/CE ón gComhairle.
[17] COM(2022) 657 final.
[18] COM(2022) 655 final.
[19] COM(2022) 650 final.
[20] Féach an Tuarascáil ar an Measúnú Tionchair maidir le Linn Tallann an Aontais Eorpaigh chun tuilleadh sonraí a fháil (SWD(2023) 717 final). Measann sé sin go bhféadfadh an meánchostas chun náisiúnach tríú tír a earcú a bheith idir EUR 1 500 agus EUR 2 500 (cé is moite de chostais athlonnaithe), rud a d'fhéadfadh ardú go EUR 8 500-10 000 má tá gá le seirbhísí gníomhaireachtaí earcaíochta.
[21] Is é an meánfhad 4-6 mhí.
[22] Flais-Eorabharaiméadar 529: An Bhliain Eorpach um Scileanna: Ganntanas scileanna, straitéisí earcaíochta agus coinneála i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide.
[23] Seiceáil oiriúnachta 2019 maidir leis an imirce dhleathach (SWD(2019) 1056 final).
[24] Ní mór do na Ballstáit a áirithiú, áfach, go bhfuil rialáil na rochtana ar ghairmeacha comhréireach agus nach ndéanann sé idirdhealú bunaithe ar náisiúntacht ná ar fhorais eile. Tá gá le measúnú comhréireachta freisin sula nglacfar aon bhearta nua nó sula leasófar bearta atá ann cheana maidir le rialáil ghairmiúil i gcomhréir le Treoir (AE) 2018/958.

Tá sé riachtanach cáilíochtaí a aithint chun a áirithiú go mbeidh dóthain oideachais, oiliúna nó taithí ag oibrithe atá ag teacht isteach i ngairmeacha áirithe. Mar sin féin, is minic a bhíonn na próisis chun cáilíochtaí tríú tír a aithint **róchostasach, róchasta agus ró-íditheach**. Is ualach suntasach riaracháin ar na Ballstáit iad freisin, mar gheall ar easpa faisnéise faoi chórais cáilíochtaí tríú tíortha, comhthiomsú teoranta saineolais agus acmhainní ar leibhéal an Aontais, agus deacrachtaí barántúlacht doiciméad a fhíorú.

Ní rialaítear go leor gairmeacha a bhfuil ganntanas ag bagairt orthu. Sna cásanna sin, tá sé de rogha ag fostóirí a chinneadh an bhfuil an phróifíl cheart ag náisiúnaigh tríú tír bunaithe ar a gcáilíochtaí, a dtaithí agus a scileanna agus níl gá le próiseas foirmiúil aitheantais. Mar sin féin, is bacainn shuntasach eile ar shoghluaisteacht tallainne agus scileanna é easpa tuisceana agus **muiníne na bhfostóirí as na scileanna agus na cáilíochtaí a fuarthas i dtríú tíortha** chun daoine a earcú do ghairmeacha neamhrialáilte[25].

Ní hamháin go ndéanann an toradh difear do tharraingteacht an Aontais ach bíonn '**cur amú éirime**' mar thoradh air — náisiúnaigh tríú tír atá ag obair faoi bhun a leibhéil cháilíochta. De réir Eurostat, in 2022 tá os cionn an ceathrú cuid de náisiúnaigh tríú tír ardcháilithe ach tá 39.4 % díobh rócháilithe[26] don phost a dhéanann siad, agus is mó seans go mbeidh mná rócháilithe ná fir. Is é 31.8 % an figiúr coibhéiseach do shaoránaigh an Aontais atá ag obair i mBallstát eile agus níl ann ach 21.1 % dóibh siúd a bhfuil cónaí orthu ina dtír féin[27]. Dá bhrí sin, trí aitheantas cáilíochtaí agus bailíochtú scileanna a éascú, is féidir leas a bhaint as acmhainneacht neamhshaothraithe na náisiúnach tríú tír atá san Aontas cheana féin.

Timpeallacht fháilteach a chruthú do náisiúnaigh tríú tír atá ina gcónaí go dleathach agus tacaíocht lánpháirtithe éifeachtach a chur ar fáil, lena n-áirítear do theaghlaigh na n-oibrithe, tá sé ríthábhachtach freisin do tharraingteacht an Aontais agus do rath foriomlán na mbeartas imirce dleathaí. Tá dúshláin fós ann sa réimse sin. Déantar níos mó idirdhealaithe ag an obair ar náisiúnaigh tríú tír, agus tugann fianaise le fios go bhfuil tionchar díréireach aige sin ar an oideachas ard[28], ar chúis amháin go bhfuil an ráta fostaíochta do dhaoine nach saoránaigh den Aontas iad níos ísle ná mar atá i gcás náisiúnaigh an Aontais[29]. Le plean gníomhaíochta an Aontais maidir le frithchiníochas[30] agus leis an bplean gníomhaíochta maidir le lánpháirtiú agus cuimsiú le haghaidh 2021-2027[31], féachtar le haghaidh a thabhairt ar an bhfadhb sin. Le hearcaíocht chothrom agus thrédhearcach, cinntítear go mbíonn deis chothrom neamhchlaonta ag gach iarrthóir dul san iomaíocht le haghaidh post beag beann ar inscne, ar thionscnamh ciníoch nó eitneach, ar aois, ar reiligiún nó ar chreideamh na n-iarrthóirí[32].

Tá sé ríthábhachtach freisin oibriú leis na **comhpháirtithe sóisialta** chun an imirce dhleathach a bhainistiú go maith. Is féidir leis an idirphlé sóisialta cuidiú le fís choiteann a

---

[25] Tuarascáil ar an Measúnú Tionchair maidir le Linn Tallann an Aontais Eorpaigh (SWD(2023) 717 final).

[26] Is éard atá i gceist leo ná go n-oibríonn siad i ngairmeacha ar bheagán scileanna nó ar mheánoiliúint d'ainneoin ardleibhéal oideachais a bheith acu.

[27] Sonraí a asbhaineadh i mí Iúil 2023 (Eurostat).

[28] Tuarascáil 2023 maidir le Fostaíocht agus Forbairtí Sóisialta san Eoraip.

[29] In 2022, bhí 61.9 % de shaoránaigh nach saoránaigh den Aontas iad fostaithe, agus ba é 77.1 % agus 75.4 % i gcás náisiúnaigh (Eurostat) a bhí ann do shaoránaigh ó Bhallstáit eile.

[30] COM(2020) 565 final.

[31] COM(2020) 758 final.

[32] Treoir 2006/54/CE maidir le cur chun feidhme phrionsabal an chomhionannais deiseanna agus na córa comhionainne idir fir agus mná i gcúrsaí fostaíochta agus slí beatha, Treoir 2000/43/CE ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme prionsabal na córa comhionainne idir daoine beag beann ar bhunadh ciníoch nó ar thionscnamh eitneach, agus Treoir 2000/78/CE ón gComhairle lena mbunaítear creat ginearálta le haghaidh na córa comhionainne san fhostaíocht agus sa tslí bheatha.

bhaint amach maidir leis an gcaoi ar cheart don imirce dhleathach teacht le straitéisí níos leithne maidir leis an margadh saothair. Ba cheart do na Ballstáit tuairimí na gcomhpháirtithe sóisialta a chur san áireamh chun a áirithiú, i gcás ina measann siad go bhfuil gá le tástálacha ar mhargadh an tsaothair, gur féidir na tástálacha sin a chur i gcrích go tapa agus ualach riaracháin teoranta a bheith ag baint leo d'fhostóirí, go háirithe do FBManna, agus do náisiúnaigh tríú tír. Ba cheart faisnéis shoiléir inrochtana maidir lena bhfeidhmiú a chur ar fáil. Tá ról ag fostóirí agus ag ceardchumainn araon maidir le náisiúnaigh tríú tír a lánpháirtiú agus maidir le struchtúir na Comhpháirtíochta Eorpaí um Lánpháirtiú sa réimse sin[33].

***An gá atá le cur chuige spriocdhírithe le faisnéis scileanna mar thúsphointe***

Le soghluaisteacht rathúil tallainne, tá gá le bearta chun náisiúnaigh neamh-AE a earcú in earnálacha ina bhfuil an gá is mó lena saothar, agus le barainneachtaí scála trí chomhar feabhsaithe maidir leis an imirce dhleathach idir leibhéal an Aontais agus leibhéal na mBallstát.

Measann an Coimisiún gur cheart bearta soghluaisteachta tallainne ar leibhéal an Aontais a bheith ina ngairmeacha **straitéiseacha** agus spriocdhírithe a ndéanann **an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach**difear dóibh, chomh maith le **cúram sláinte agus cúram fadtéarmach,**i bhfianaise na ngéar-riachtanas uile-Aontais agus na bhforbairtí is dócha a thiocfaidh ar mhargadh an tsaothair sna réimsí sin.

Is féidir le riachtanais mhargadh an tsaothair teacht chun cinn go tapa, áfach, agus d'fhéadfadh siad a bheith éagsúil ó Bhallstát go Ballstát. Ba cheart don Aontas a bheith in ann a áirithiú go bhfuil a thionscnaimh maidir le himirce lucht saothair ag teacht leis na riachtanais is déanaí atá ag an ngeilleagar agus ag a fhostóirí. Tá **faisnéis scileanna** inrochtana agus cothrom le dáta **ríthábhachtach** chun straitéisí solúbtha a dhearadh chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair, chun cabhrú le meaitseáil saothair, agus chun forbairt scileanna a threorú.

Ag tógáil ar thionscnaimh atá ar bun chun cineálacha cur chuige níos sofaisticiúla a fhorbairt i leith faisnéis scileanna[34], tá an Coimisiún ag obair i dtreo **cur chuige níos córasaí i leith faisnéis scileanna a sholáthar agus a úsáid**. Cuireann an tArdán um Imirce Saothair, a seoladh i mí Eanáir 2023, fóram luachmhar ar fáil le haghaidh plé maidir le conas beartas spriocdhírithe maidir le himirce lucht saothair a fhorbairt, lena léirítear ganntanais straitéiseacha bunaithe ar fhaisnéis scileanna. Tugann sé le chéile ionadaithe ó údaráis fostaíochta agus imirce na mBallstát le comhpháirtithe sóisialta agus cheadaigh sé malartuithe i gcomhthéacs Bhliain Eorpach na Scileanna maidir leis na saincheisteanna sin[35].

**Gníomhaíocht: Leanfaidh an Coimisiún de chur chuige níos straitéisí a chur chun cinn**

[33] https://home-affairs.ec.europa.eu/policies/migration-and-asylum/legal-migration-and-integration/cooperation-economic-and-social-partners/european-partnership-integration_en

[34] Mar shampla, áirítear i gClár Oibre Scileanna don Eoraip 2020 gníomhaíocht maidir le faisnéis scileanna atá níos cothroime le dáta, níos mionsonraithe agus níos beaichte a ghiniúint. Tá an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna, Eurostat, ELA agus EUROFOUND ag gabháil do thionscnaimh éagsúla chun faisnéis scileanna a bheachtú, lena n-áirítear trí leas a bhaint as mórshonraí. Déantar oirchill scileanna ar leibhéal earnála faoin treoirphlean le haghaidh comhar earnála maidir le scileanna, lena ndírítear ar earnálacha tosaíochta. I mí an Mheithimh 2023, seoladh uirlis faisnéise scileanna ar Europass, lena soláthraítear faisnéis faoi ghanntanas gairmeacha in aghaidh na tíre. Ar leibhéal na mBallstát, tá na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta ag éirí níos gníomhaí maidir le riachtanais scileanna amach anseo a shainaithint, agus straitéisí cuimsitheacha á bhforbairt ag go leor acu freisin chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais scileanna amach anseo.

[35] https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/IP_23_103

**maidir le faisnéis scileanna**, agus leas á bhaint as na sonraí is déanaí maidir leis an margadh saothair, agus rachaidh sé i dteagmháil leis na Ballstáit agus leis na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta.

## 3. Earcaíocht ó thíortha lasmuigh den Aontas a dhéanamh níos éasca — Linn Tallann an Aontais Eorpaigh

Leagtar amach sa Teachtaireacht seo bearta chun aghaidh a thabhairt ar na príomhbhacainní a sainaithníodh sa roinn roimhe seo trí earcaíocht idirnáisiúnta a éascú, tacú le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí agus scileanna a bhailíochtú, agus comhar le tríú tíortha sna réimsí sin a threisiú. Bunchloch den chur chuige sin is ea an togra ón gCoimisiún maidir le **Linn Tallann de chuid an Aontais Eorpaigh** a bhunú, lena mbaintear amach na gealltanais a thug an Coimisiún sa phacáiste Scileanna agus Tallainne agus sa Chomhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann.

Tá sé d'aidhm ag Linn Tallann an Aontais Eorpaigh tarraingteacht fhoriomlán an Aontais a mhéadú tríd an g**céad ardán uile-Aontais** a bhunú atá oscailte do náisiúnaigh tríú tír ar fud an domhain ar mian leo a bheith ag obair go dleathach san Eoraip agus d'fhostóirí nach bhfuil in ann teacht ar an tallann atá de dhíth orthu i margadh saothair an Aontais. Tabharfaidh sé rochtain ar linn tallann níos leithne d'fhostóirí an Aontais agus beidh sé níos tapúla agus níos éasca earcaíocht a dhéanamh. Cuirfidh sé faisnéis ar fáil do chuardaitheoirí poist agus d'fhostóirí araon maidir le nósanna imeachta um earcaíocht agus inimirce agus maidir le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí i mBallstáit rannpháirteacha an Aontais. Chun an lánpháirtiú a éascú, áireofar ann freisin faisnéis maidir le dálaí maireachtála agus oibre sna Ballstáit rannpháirteacha agus maidir le cearta agus oibleagáidí náisiúnach tríú tír. Tacóidh líonra Thoscaireachtaí an Aontais ar fud an domhain le faisnéis a sholáthar agus feidhmeoidh sé mar athsheachadán do chuardaitheoirí poist ó thríú tíortha atá ag lorg faisnéise faoi bhealaí dleathacha imirce agus faoi ardán Linn Tallann an Aontais Eorpaigh.

Díreoidh Linn Tallann an Aontais Eorpaigh ar **ghairmeacha sonracha ar gach leibhéal scileanna, bunaithe ar na gairmeacha san Aontas ina bhfuil na ganntanais is mó**, agus ar ghairmeacha a rannchuidíonn go díreach leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, arna nuashonrú de réir mar is gá chun freagairt do dhálaí athraitheacha i margadh an tsaothair. Inniu shainaithin an Coimisiún 42 ghairm ar fud an Aontais ina bhfuil ganntanais[36], agus tá an liosta sin i gceangal leis an Rialachán atá beartaithe maidir le Linn Tallann. Chun freagairt thapa a thabhairt ar riachtanais athraitheacha i margadh an tsaothair, beidh an Coimisiún in ann an liosta a leasú trí ghníomh tarmligthe. Ina theannta sin, beidh na Ballstáit in ann fógra a thabhairt nuair a chuirtear gairmeacha sonracha ina bhfuil ganntanais leis an liosta nó a bhaintear iad, ar gairmeacha iad a gcuirfidh siad folúntais poist ar fáil ina leith.

Is ar bhonn **deonach** a ghlacfaidh na Ballstáit páirt i Linn Tallann an Aontais Eorpaigh, agus tacóidh siad le bainistiú ardán na Linne Tallann trína n-údaráis ábhartha. Bheadh dlúthbhaint ag údaráis náisiúnta sna Ballstáit rannpháirteacha le cur chun feidhme na huirlise, agus ní bheadh ach fostóirí atá bunaithe sna Ballstáit sin in ann a bhfolúntais a chlárú ar an tairseach

[36]Tá an liosta bunaithe ar thrí phríomhfhoinse: i) An tÚdarás Eorpach Saothair (ELA), agus úsáid á baint as sonraí PES maidir le ganntanais lucht saothair ar fud gairmeacha; ii) Ganntanais lucht saothair atá ábhartha i bhfianaise na spriocanna glan-nialasacha agus digiteacha arna sainaithint bunaithe ar rannchuidiú díreach na hearnála le cur chun feidhme spriocanna aeráide agus digitithe an Aontais Eorpaigh; iii) Gairmeacha nach raibh ganntanas forleathan acu sna blianta roimhe seo ach ar dócha go dtiocfaidh méadú ar thábhacht na ngairmeacha sin faoin aistriú a bheidh ann amach anseo.

agus iarrthóirí a chuardach ansin. Léirítear go hiomlán leis an togra an fhreagracht atá ar na Ballstáit as líon na náisiúnach tríú tír a ligtear isteach a chinneadh agus comhlánóidh sé na huirlisí atá ann cheana chun tallann a mhealladh ar an leibhéal náisiúnta, ach gan áit na n-uirlisí sin a ghlacadh.

Beidh Linn Tallann an Aontais Eorpaigh ina ardán nua TF a bheidh dírithe ar náisiúnaigh tríú tír nach bhfuil san Aontas go fóill, agus cuirfidh a dhearadh leis an taithí fhada rathúil atá ag an gCoimisiún le hardán **EURES**[37]. Áireofar i Linn Tallann an Aontais Eorpaigh coimircí ionsuite chun cleachtais dúshaothraithe fostóirí a sheachaint, agus cuirfear i gcuimhne d'fhostóirí go mbeidh na cearta agus na hoibleagáidí céanna ag náisiúnaigh tríú tír a earcófar trí Linn Tallann an Aontais Eorpaigh nuair a bheidh siad fostaithe agus a bhíonn ag oibrithe ón Aontas. Tacóidh sé freisin le hidir-inoibritheacht le hardáin náisiúnta earcaíochta.

Cuideoidh an Linn Tallann le gné sheachtrach an Chomhaontaithe maidir le hImirce agus Tearmann a chur chun feidhme, trí rannchuidiú le Comhpháirtíochtaí Tallainne agus trí bhealaí comhlántacha éifeachtacha chuig an Aontas a fhorbairt. Beidh clárú i Linn Tallann an Aontais Eorpaigh oscailte do dhaoine easáitithe i dtríú tíortha a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu agus ar an gcaoi sin tacófar le hiarrachtaí bealaí comhlántacha a chur ar bun dóibh siúd atá incháilithe.

Trí rochtain ar na bealaí dleathacha atá ann cheana a éascú, beidh Linn Tallann an Aontais Eorpaigh ina dídhreasacht don imirce neamhrialta freisin. Treiseofar an méid sin toisc nach mbeidh aon duine atá faoi réir toirmeasc iontrála, go háirithe tar éis cinneadh um fhilleadh faoin Treoir um Fhilleadh[38], incháilithe chun clárú le Linn Tallann an Aontais Eorpaigh.

**Gníomhaíocht: Rialachán maidir le Linn Tallann de chuid an Aontais Eorpaigh a bhunú**:

- Molann an Coimisiún **Rialachán maidir le Linn Tallann de chuid an Aontais Eorpaigh a bhunú**[39]**,** chun éascú a dhéanamh ar earcú straitéiseach idirnáisiúnta cuardaitheoirí poist tríú tír le haghaidh gairmeacha ina bhfuil ganntanais, ar gairmeacha iad atá ábhartha don Aontas;
- Oibreoidh an Coimisiún i gcomhar leis na Ballstáit chun a áirithiú go ndearfar Linn Tallann an Aontais Eorpaigh ón tús chun aghaidh a thabhairt go hiomchuí ar riachtanais an mhargaidh saothair náisiúnta agus chun tionscnaimh náisiúnta atá ann cheana a chomhlánú, lena n-áirítear trí idir-inoibritheacht le hardáin náisiúnta earcaíochta atá ann cheana.

## 4. AITHEANTAS NÍOS ÉASCA AGUS NÍOS TAPÚLA A BHAINT AMACH MAIDIR LE CÁILÍOCHTAÍ GAIRMIÚLA AGUS BAILÍOCHTÚ SCILEANNA A FUARTHAS I DTRÍÚ TÍORTHA

Tá sraith beart á moladh ag an gCoimisiún lena gcuirtear chun cinn **cur chuige coiteann agus comhar idir na Ballstáit maidir le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí agus**

[37] Tá sé mar aidhm ag EURES saorghluaiseacht oibrithe a éascú laistigh den Aontas Eorpaigh agus feidhmíonn sé mar líonra comhair Eorpach de chuid na Seirbhísí Fostaíochta Poiblí, agus tá tairseach inchuardaithe ann chun meaitseáil cuardaitheoirí poist agus fostóirí a éascú.

[38] Treoir 2008/115/AC maidir le caighdeáin choiteanna agus nósanna imeachta coiteanna sna Ballstáit i ndáil le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a chur ar ais.

[39] COM(2023) 716 final.

**scileanna a bhailíochtú**, rud a fhágfaidh go mbeidh sé níos éasca teacht ar fhaisnéis faoi rialacha agus nósanna imeachta ábhartha, agus lena gcuidítear leis na Ballstáit agus le fostóirí rochtain a fháil ar fhaisnéis iontaofa maidir le creataí cáilíochtaí agus scileanna neamh-AE. Beidh nósanna imeachta níos simplí agus níos fearr sa réimse seo ina gcuidiú ag fostóirí a fháil amach go díreach cad atá i gceist le cáilíocht a baineadh amach lasmuigh den Aontas sa chleachtas, rud a chinnteoidh go mbeidh náisiúnaigh tríú tír in ann na poist ar earcaíodh iad lena n-aghaidh a dhéanamh agus go mbeidh a gcuid cáilíochtaí inchomparáide le cáilíochtaí a gcontrapháirtithe Eorpacha.

**I bhfianaise dhálaí iarbhír an mhargaidh saothair, tá gá le cur chuige 'tús áite do scileanna' a úsáid ar bhonn níos leithne**. Tá sé sin in úsáid cheana féin ag go leor gnólachtaí agus iad ag earcú daoine, rud a aithníonn ní amháin luach na gcáilíochtaí foirmiúla ach na scileanna agus na taithí inléirithe eile is gá chun na hiarrthóirí cearta a shainaithint le haghaidh folúntas, agus bhí torthaí rathúla ann go dtí seo.

***Ag obair ar chur chuige comhchoiteann AE maidir le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí náisiúnach tríú tír***

**Tá Moladh á ghlacadh ag an gCoimisiún inniu maidir le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí na náisiúnach tríú tír uile ar cónaitheoirí dleathacha iad[40], lena leagtar amach treoraíocht chun feabhas a chur ar nósanna imeachta agus chun cuidiú leis na Ballstáit aitheantas a thabhairt do cháilíochtaí agus scileanna a fuarthas lasmuigh den Aontas ar bhealach níos tapúla agus níos éifeachtúla**. Moltar sa mholadh solúbthacht mhéadaithe a bheith ann agus ualaí riaracháin ar náisiúnaigh tríú tír a laghdú, ionas gur féidir leo rochtain a fháil ar dheiseanna fostaíochta nó ardoideachais san Aontas ar bhealach níos tapúla agus níos éifeachtaí. Baineann sé le cásanna aitheantais le haghaidh rochtain ar ghairmeacha rialáilte, mar chuid de na nósanna imeachta um imirce dhleathach, agus le haghaidh tuilleadh foghlama. Cuirtear i bhfios go láidir ann nár cheart go mbeadh gá le nósanna imeachta um aitheantas foirmiúil ach amháin i gcás ina ndeonófaí cearta do shealbhóir cáilíochta sna trí chomhthéacs sin. Níor cheart go mbeadh gá le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí chun críoch earcaíochta i ngairmeacha neamhrialáilte. Sna cásanna sin, is féidir le huirlisí trédhearcachta agus faisnéis tuiscint ar cháilíochtaí agus ar scileanna a éascú agus comparáid a dhéanamh eatarthu.

Maidir le rochtain ar ghairmeacha rialáilte, tá an moladh bunaithe ar Threoir 2005/36/CE, ina leagtar amach an córas aitheantais do cháilíochtaí gairmiúla san Aontas[41]. Baintear leas sa mholadh freisin as taithí ar chur chun feidhme Mholadh Mhí Aibreáin 2022 ón gCoimisiún maidir le haitheantas do cháilíochtaí a éascú i gcás daoine atá ar a dteitheadh ó chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin[42]. Léirigh measúnú ar an obair leantach ar an Moladh seo[43] raon cleachtas a bhfuil gealladh fúthu a bhí mar bhonn don Mholadh nua, lena n-áirítear béim a leagan ar na tairbhí a bhaineann le malartú faisnéise idir údaráis na mBallstát agus tíortha comhpháirtíochta chun aitheantas do cháilíochtaí a éascú.

---

40 Tá feidhm ag an Moladh maidir le náisiúnaigh tríú tír atá i mbun víosa nó cead oibre agus cónaithe a fháil i mBallstát nó a bhfuil cónaí orthu go dleathach san Aontas cheana.

41 Leis an gcreat a chuirtear ar fáil le Treoir 2005/36/CE, bunaítear prionsabail, nósanna imeachta agus critéir chomhchoiteanna maidir le haitheantas, lena gcuirtear trédhearcacht, cothroime agus comhsheasmhacht sa phróiseas aitheantais chun cinn. Mar a luadh thuas, leagtar amach ann freisin íoschaighdeáin oiliúna le haghaidh gairmeacha áirithe.

42 Moladh (AE) 2022/554 ón gCoimisiún maidir le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí na ndaoine atá ar a dteitheadh ó ionradh na Rúise ar an Úcráin.

43 https://single-market-economy.ec.europa.eu/publications/assessment-commission-recommendation-eu-2022554-5-april-2022-recognition-qualifications-people_ga

Beidh an moladh ina chomhlánú luachmhar ar Linn Tallann an Aontais Eorpaigh agus ba cheart go gcuideodh sé leis na Ballstáit **feabhas a chur ar na nósanna imeachta um aitheantas mar chuid dá n-iarrachtaí oibrithe oilte a mhealladh ó thar lear**. Spreagann sé na Ballstáit sonraí faisnéise scileanna a úsáid chun 'gairmeacha rialáilte tosaíochta' a shainaithint ar cheart nósanna imeachta um aitheantas a bhrostú a thuilleadh ina leith le haghaidh náisiúnaigh tríú tír, agus le haghaidh saoránaigh shoghluaiste de chuid an Aontais. A luaithe a bheidh Linn Tallann an Aontais Eorpaigh ag feidhmiú, d'fhéadfadh na Ballstáit an liosta de ghairmeacha ina bhfuil ganntanais ar fud an Aontais a forbraíodh don Linn Tallann a chur san áireamh agus gairmeacha rialáilte tosaíochta á sainaithint acu.

Is féidir nósanna imeachta earcaíochta i raon leathan earnálacha a fheabhsú trí threoraíocht an mholta, ach beidh a cur i bhfeidhm éagsúil ag brath ar an gcaoi a rialaítear fostaíocht i ngach gairm. Mar shampla, ós rud é nach ndéantar gairmeacha digiteacha a rialáil go ginearálta, moltar sa mholadh go nglacfaí cur chuige 'tús áite do scileanna' maidir le hearcaíocht do phoist den sórt sin. Is féidir leis na gairmeacha sin leas a bhaint freisin as an Treoir athbhreithnithe maidir le Cárta Gorm, lenar tugadh isteach coibhéis maidir le scileanna arna bhfianú le taithí ghairmiúil agus cáilíochtaí ardoideachais inchomparáide i bpoist TFC áirithe[44]. I gcás na ngairmeacha sin, níor cheart do na Ballstáit nós imeachta um aitheantas foirmiúil a fhorchur mar réamhchoinníoll maidir le cead isteach.

**Gníomhaíocht: Moladh ón gCoimisiún maidir le haitheantas a thabhairt do cáilíochtaí náisiúnach tríú tír**[45].

Bheadh nósanna imeachta níos simplí agus níos tapúla mar thoradh ar an Moladh sin, agus ag an am céanna d'áiritheofaí gur féidir faisnéis a chuirtear isteach a fhíorú agus gur féidir a bheith muiníneach as próisis. Má chloítear le caighdeáin ghairmiúla, níor cheart go mbeadh ceanglais ann a chuirfeadh bac ar iarratasóirí nó a chuirfeadh moill ar nósanna imeachta earcaíochta.

Tacóidh an Coimisiún le cur chun feidhme an Mholta tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- cruinnithe tiomnaithe a eagrú leis na Ballstáit, go háirithe sa ghrúpa comhordaitheoirí chun cáilíochtaí gairmiúla a aithint, agus le páirtithe leasmhara eile chomh maith;
- iarraidh ar na Ballstáit tuairisciú ar thionscnaimh, athchóirithe agus staidreamh náisiúnta maidir le cinntí aitheantais a bhaineann le cáilíochtaí tríú tír;
- rochtain a thabhairt ar fhaisnéis ar líne chun cabhrú le náisiúnaigh tríú tír na ceanglais maidir le haitheantas do scileanna agus cáilíochtaí san Aontas a thuiscint.
- an leas is fearr is féidir a bhaint as sineirgí idir an Moladh agus gníomhaíochtaí eile a leagtar amach sa Teachtaireacht.

***Borradh a chur faoi fhaisnéis maidir le nósanna imeachta um aitheantas, agus faoi inchomparáideacht cáilíochtaí***

Is príomhghné le haghaidh fostóirí agus iarrthóirí nach iarrthóirí de chuid an Aontais iad **faisnéis a fháil faoi cháilíochtaí agus scileanna a fuarthas i dtríú tíortha agus faoi**

[44] Féach Airteagal 2(9)(a) agus Iarscríbhinn I de Threoir (AE) 2021/1883.
[45] C(2023)7700 final.

**nósanna imeachta um aitheantas agus bailíochtú is infheidhme sna Ballstáit**[46]. Is minic a roinntear an fhreagracht as nósanna imeachta um aitheantas agus bailíochtú i measc comhlachtaí riaracháin éagsúla laistigh de na Ballstáit, lena n-áirítear ar an leibhéal lárnach agus ar an leibhéal réigiúnach. Faoi láthair, d'fhéadfadh sé a bheith deacair ar náisiúnaigh tríú tír agus ar oibrithe taistil den Aontas a chinneadh an bhfuil an ghairm atá uathu á rialáil i mBallstát ar leith nó nach bhfuil. Is féidir leis an easpa faisnéise ilteangaí maidir le haitheantas a bheith ina bac freisin: tacaíocht dóibh siúd atá ag lorg oibre ab ea na hiarrachtaí a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar an mbac sin i gcás daoine a easáitíodh ón Úcráin[47].

Cé nach bhfuil aon phointe lárnach faisnéise ar leibhéal an Aontais faoi láthair maidir le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí tríú tír, tá roinnt uirlisí forbartha ag **líonraí ENIC-NARIC**[48] lena n-éascaítear rochtain ar fhaisnéis maidir le nósanna imeachta um aitheantas agus córais ardoideachais is féidir a fhorbairt a thuilleadh. Féadfaidh NARICanna cinntí a eisiúint maidir le haitheantas acadúil agus ráitis inchomparáideachta, ar cinntí iad a dhíríonn ar cháilíochtaí ardoideachais. Feidhmíonn roinnt NARICanna mar phointe iontrála aonair le haghaidh measúnú nó aithint cáilíochtaí, rud a d'fhéadfadh rochtain náisiúnach tríú tír ar nósanna imeachta a éascú. I ndeich mBallstát[49], chuidigh NARICanna le bunachair sonraí a chur ar bun ina gcuirtear faisnéis phoiblí ar fáil maidir le cinntí aitheantais náisiúnta, le maoiniú ón Aontas i gcásanna áirithe.

**Spreagfaidh an Coimisiún na Ballstáit, agus tacóidh sé leo, chun bunachair sonraí a fhorbairt maidir le hinchomparáideacht cáilíochtaí tríú tír agus chun idir-inoibritheacht na mbunachar sonraí sin a áirithiú**, trí chistiú a chur ar fáil ó Erasmus+ in 2024. I gcás cáilíochtaí ábhartha, ar cáilíochtaí acadúla iad go príomha, ba cheart go mbeadh bunachair sonraí in ann ráiteas inchomparáideachta a chruthú saor in aisce, agus i gcás inar féidir, nósanna imeachta a léiriú chun an cháilíocht a aithint. Chun gur féidir comparáidí díreacha a dhéanamh bunaithe ar úsáid téarmaí agus sainmhínithe comhchosúla, molann an Coimisiún do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil na bunachair sonraí sin bunaithe ar chaighdeáin na Samhla Foghlama Eorpaí[50]. Oibreoidh an Coimisiún le líonra NARIC chun cur chuige comhordaithe a áirithiú maidir leis na tríú tíortha agus na cáilíochtaí a chumhdófar, agus tosaíocht á tabhairt do thíortha na Comhpháirtíochta Tallainne. D'fhéadfadh sé go léireofaí

---

46 Ina staidéar in 2017 dar teideal '*Making Integration Work: Assessment and Recognition of Foreign Qualifications*', leag ECFE béim ar fhaisnéis maidir le nósanna imeachta um aitheantas a éascú mar choinníoll bunriachtanach chun aghaidh a thabhairt ar chórais aitheantais a fheabhsú. I dtuarascáil chuimsitheach 2013 dar teideal '*Recognition of Qualifications and Competences of Migrants*' [Aitheantas a thabhairt do Cháilíochtaí agus Inniúlachtaí Imirceach] san Eoraip, tharraing an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce aird ar easnaimh sa rochtain atá ag imircigh ar fhaisnéis i roinnt Ballstát den Aontas. Sa tseiceáil oiriúnachta ar an imirce dhleathach a rinne an Coimisiún in 2019, moladh freisin go mbeadh rochtain níos fearr ag náisiúnaigh tríú tír ar fhaisnéis faoi nósanna imeachta um aitheantas agus faoi thorthaí na nósanna imeachta sin (SWD(2019 1056 final).

47 Moladh (AE) 2022/554 ón gCoimisiún an 5 Aibreán.

48 Oibríonn líonra ENIC (Líonra Eorpach na Lárionad Faisnéise) agus líonra NARIC (Lárionaid Náisiúnta Faisnéise um Aitheantas Acadúil) i ndlúthchomhar le chéile. Is údaráis aitheantais de chuid na státpháirtithe i gCoinbhinsiún Aitheantais Liospóin iad ENICanna, a gcuireann Comhairle na hEorpa agus UNESCO an rúnaíocht ar fáil ina leith, agus is údaráis aitheantais de chuid thíortha Chlár Erasmus+ iad NARICanna. Is ENICanna iad na NARIC uile freisin (seachas údarás aitheantais na Gréige). Tá Clár Oibre, Cairt agus Bord comhpháirteach ag an dá líonra.

49 An Bhulgáir, an Chipir, an Danmhairg, an Ghearmáin, Éire, an Iodáil, an Liotuáin, an Ísiltír, an Pholainn, an tSualainn.

50 Is samhail ilteangach sonraí don fhoghlaim í an tSamhail Foghlama Eorpach ar féidir í a úsáid chun cur síos a dhéanamh ar na sonraí uile a bhaineann leis an bhfoghlaim, lena n-áirítear foghlaim fhoirmiúil, sheachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil. Tacaíonn an tsamhail le malartú sonraí maidir le scileanna, cáilíochtaí, creidiúnú agus deiseanna foghlama, chomh maith le hidir-inoibritheacht agus malartú dintiúr.

sna bunachair sonraí freisin an oiliúint bhreise (amhail micridhintiúir) a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil chun bearnaí a líonadh idir cáilíocht tríú tír agus cáilíochtaí inchomparáide sna Ballstáit. Le bunachair sonraí ilteangacha, déantar rochtain ar fhaisnéis a éascú a thuilleadh.

Sa dara céim, féachfaidh an Coimisiún freisin an bhféadfaí **uirlis a fhorbairt ar leibhéal an Aontais lena nascfaí bunachair sonraí náisiúnta maidir le haitheantas** lenar féidir ráitis inchomparáideachta a fhorbairt le haghaidh cáilíochtaí sonracha tríú tír lena gcumhdaítear na Ballstáit uile, bunaithe ar theimpléad comhchuibhithe agus atá ar fáil i bhformáid dhigiteach. D'fhéadfaí cáilíochtaí an Aontais agus cáilíochtaí tríú tír araon a chumhdach leis sin, chun soghluaisteacht laistigh den Aontas agus an imirce dhleathach a éascú. Bhainfeadh an uirlis leas as bunachair sonraí náisiúnta atá ann cheana agus bheadh sí idir-inoibritheach le líonra bunachar sonraí cáilíochtaí náisiúnta na dtíortha comhpháirtíochta[51] lena gcomhoibríonn an Fhondúireacht Eorpach Oiliúna (ETF). Leis an uirlis sin, d'fhéadfadh fostóirí cáilíochtaí tríú tír atá inchomparáide le cáilíocht náisiúnta atá á lorg acu a shainaithint, rud a d'fhéadfadh cuidiú le díriú ar nósanna imeachta earcaíochta. Agus thabharfadh an uirlis sin le fios d'iarrthóirí conas a chuirfí a gcuid cáilíochtaí san áireamh i nós imeachta um aitheantas.

Tá líonraí ENIC-NARIC ag díriú ar an ardoideachas faoi láthair. I bhfianaise an ghá atá le scileanna teicniúla i margadh saothair an Aontais agus ós rud é nach bhfuil aon struchtúr comhair ar leibhéal an Aontais ann faoi láthair maidir le **cáilíochtaí gairmoideachais agus gairmoiliúna a aithint**, d'fhéadfadh tairbhí suntasacha a bheith ag baint le fócas na líonraí a leathnú chuig an nGairmoideachas agus an Ghairmoiliúint (VET). D'fhéadfadh na Ballstáit a fhiosrú an bhféadfadh ról lárionaid NARIC — le tacaíocht ón gCoimisiún — an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint a chumhdach. D'fhéadfadh sé sin an bealach a réiteach do ráitis inchomparáideachta maidir le cáilíochtaí gairmoideachais agus gairmoiliúna an Aontais agus tríú tír, agus do cháilíochtaí acadúla chomh maith.

Uirlis ábhartha eile atá le forbairt is ea **Bunachar Sonraí Gairmeacha Rialáilte**[52] an Choimisiúin. I gcás gach Ballstáit, tá faisnéis inti i dtaobh an rialaítear gairmeacha sonracha i ngach Ballstát, mar aon leis an údarás atá freagrach as an aitheantas. Cé go bhfuil an bunachar sonraí dírithe ar shaoránaigh shoghluaiste den Aontas faoi láthair, tá an fhaisnéis atá ann maidir leis na gairmeacha sonracha a rialaítear i ngach Ballstát ábhartha freisin maidir le náisiúnaigh tríú tír. Oibreoidh an Coimisiún i gcomhar leis na Ballstáit chun a áirithiú go mbeidh faisnéis chruinn sa bhunachar sonraí faoi na húdaráis atá freagrach as cáilíochtaí náisiúnach tríú tír a aithint, chomh maith le faisnéis faoi cháilíochtaí shaoránaigh an Aontais.

An t-ardán le haghaidh Linn Tallann an Aontais Eorpaigh, cuirfidh sé infheictheacht na n-acmhainní faisnéise a bhaineann le nósanna imeachta um aitheantas agus bailíochtú chun cinn sna Ballstáit rannpháirteacha chun a áirithiú go ndéanfaidh iarrthóirí iarratas agus an réamheolas is fearr is féidir acu maidir leis an dóchúlacht go n-aithneofaí a gcáilíochtaí agus go mbailíochtófaí a scileanna.

**Gníomhaíocht: Feabhas a chur ar thrédhearcacht na bpróiseas aitheantais agus ar an rochtain orthu**

Déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

- níos mó Ballstát a spreagadh chun bunachair sonraí idir-inoibritheacha séimeantacha a fhorbairt maidir le próisis agus cinntí aitheantais a d'fhéadfadh ráitis inchomparáideachta a ghiniúint, agus cuidiú leo na bunachair sonraí sin a fhorbairt.

---

[51] Ag céim chruthúnas an choincheapa faoi láthair.

[52] https://ec.europa.eu/growth/tools-databases/regprof/home

- féachaint an bhféadfaí moil acmhainní bhreise a bhunú ar líne ina mbeadh faisnéis maidir le scileanna agus cáilíochtaí, mar fhorbairt ar an mol acmhainní atá dírithe ar an Úcráin (féach thíos).
- méasunú a dhéanamh ar a indéanta atá sé uirlis a fhorbairt ar leibhéal an Aontais a bheadh in ann ráitis inchomparáideachta a ghiniúint bunaithe ar theimpléad comhchuibhithe le haghaidh cáilíochtaí sonracha tríú tír lena gcumhdófaí roinnt Ballstát.
- leanúint de thacaíocht a thabhairt do líonraí ENIC-NARIC agus na Ballstáit a spreagadh chun machnamh a dhéanamh ar inniúlachtaí NARIC a leathnú chun cáilíochtaí gairmoideachais agus gairmoiliúna a chumhdach.
- faisnéis a áireamh i mBunachar Sonraí na nGairmeacha Rialáilte maidir le húdaráis na mBallstát atá freagrach as aitheantas a thabhairt do cháilíochtaí atá ag náisiúnaigh tríú tír lena soláthraítear rochtain ar ghairmeacha rialáilte.

***Muinín a chothú i gcáilíochtaí agus i scileanna a fuarthas i dtríú tíortha***

An éiginnteacht maidir le luach na scileanna, na taithí oibre agus na gcáilíochtaí a fuarthas i dtríú tíortha agus feidhmiú córas oiliúna agus oideachais tríú tíortha, tá sé sin ar cheann de na príomhbhacainní atá roimh chomhlachtaí aitheantais na mBallstát agus roimh fhostóirí a dhéanann measúnú ar cháilíochtaí agus ar scileanna náisiúnach tríú tír[53]. Dá bhrí sin, ní mór líonadh na bearna eolais sin a bheith ar cheann de phríomhchuspóirí obair an Choimisiúin maidir le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí agus scileanna a bhailíochtú.

Tar éis chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, bhain an tAontas úsáid as roinnt uirlisí chun tacú leis an measúnú ar scileanna agus ar cháilíochtaí na ndaoine a easáitíodh ón Úcráin. Thug an Coimisiún faoi chomparáid idir an Creat Eorpach um Cháilíochtaí agus creat náisiúnta na hÚcráine[54], agus chuir sé treoirlínte ar fáil maidir le haitheantas mear a thabhairt do cháilíochtaí acadúla na hÚcráine[55]. Chomh maith leis sin, d'aistrigh sé roinnt príomhuirlisí go hÚcráinis. Agus chruthaigh ETF mol acmhainní[56] le haghaidh ábhar maidir le cáilíochtaí, scileanna agus staidéir ón Úcráin – mol a úsáideadh thart ar 21,000 uair idir mí an Mhárta 2022 agus mí Eanáir 2023. Chuidigh na huirlisí sin leis na gairmithe aitheantais agus le fostóirí san Aontas tuiscint níos fearr a fháil ar phróifíl scileanna agus ar cháilíochtaí daoine a easáitíodh ón Úcráin.

Is féidir leas a bhaint as an taithí luachmhar sin chun **cur chuige níos straitéisí a ghlacadh maidir le treoraíocht a fhorbairt chun tacú le meastóireacht ar dhintiúir agus le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí** a fuarthas lasmuigh den Aontas. Tá taithí shuntasach ag ETF ar chúnamh a thabhairt do thríú tíortha creataí náisiúnta um cháilíochtaí a fhorbairt ar féidir iad a chur i gcomparáid leis na Creataí Eorpacha um Cháilíochtaí, go háirithe sa réigiún a chumhdaítear le Comharsanacht an Aontais Eorpaigh agus méadú an Aontais Eorpaigh. Ina theannta sin, tá sé ag cur cúnamh sistéamach ar fáil faoi láthair do 11 thír san Afraic maidir lena gcreataí cáilíochta a fhorbairt, mar chuid de thionscadal a chuirtear chun feidhme leis an Aontas Afracach[57]. Cuireann líonraí ENIC-NARIC creat luachmhar ar

[53] Seiceáil oiriúnachta ar an imirce dhleathach 2019 (SWD(2019) 1056 final).
[54] An Coimisiún Eorpach, Tuarascáil Chomparáide ar an gCreat Eorpach um Cháilíochtaí agus ar Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí na hÚcráine, Eanáir 2023.
[55] An Coimisiún Eorpach, Treoirlínte maidir le Mearaithint Cáilíochtaí Acadúla na hÚcráine, Bealtaine 2022.
[56] https://www.etf.europa.eu/en/education-and-work-information-ukrainians-and-eu-countries
[57] https://acqf.africa/

fáil freisin le haghaidh comhair idir comhlachtaí aitheantais na mBallstát maidir le hanailís a dhéanamh ar cháilíochtaí tríú tír a fheictear go minic.

**Gníomhaíocht: Uirlisí an Aontais a úsáid chun cuidiú le tuiscint a fháil ar luach na gcáilíochtaí agus na scileanna** a fuarthas i dtríú tíortha atá ábhartha chun ganntanais i margadh saothair an Aontais a chomhlíonadh.

Ag brath ar na riachtanais a shainaithneofar, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

- oibriú le ETF, líonraí ENIC-NARIC, an Clár Eorpach um Dhearbhú Cáilíochta san Ardoideachas, na Ballstáit agus tríú tíortha chun treoraíocht a thabhairt maidir le creataí cáilíochta tríú tír roghnaithe agus maidir le luach cáilíochtaí sonracha, lena ndéantar comparáid idir an Creat Eorpach um Cháilíochtaí agus creataí náisiúnta (agus réigiúnacha) um cháilíochtaí, agus measúnuithe spriocdhírithe a dhéanamh ar chleachtas tríú tír maidir le creidiúnú agus dearbhú cáilíochta.
- uirlisí a aistriú lena n-éascaítear measúnuithe scileanna náisiúnach tríú tír i dteangacha tríú tíortha roghnaithe.

***Fís fhadtéarmach chun aitheantas cáilíochtaí agus bailíochtú scileanna a fheabhsú***

Ní hamháin nach mór don Aontas an leas is fearr is féidir a bhaint as acmhainneacht an Aontais daoine tréitheacha a mhealladh ón gcoigríoch, ach ní mór dó freisin cur lena iarrachtaí **cáilíochtaí agus scileanna a aithint** go hinmheánach. Mar gheall ar luas reatha an athraithe theicniúil agus shochaíoch, ní mór don Aontas machnamh a dhéanamh ar an gcaoi ar cheart a chur chuige foriomlán a fhorbairt maidir le cáilíochtaí a aithint agus scileanna a bhailíochtú, chun acmhainneacht an Mhargaidh Aonair a uasmhéadú. Beidh ar an Aontas níos mó a dhéanamh maidir le soghluaisteacht an lucht saothair a chur chun cinn agus bacainní sa Mhargadh Aonair a laghdú, agus soghluaisteacht foghlaimeoirí a fheabhsú: Le córais agus cleachtais maidir le cáilíochtaí a aithint agus scileanna a bhailíochtú, ní mór a bheith in ann freagairt d'athruithe san éileamh ar scileanna.

Tugann sé sin deis an cur chuige céanna a thabhairt isteach maidir leis an gcomhar le tríú tíortha a neartú agus maidir le háit oibre níos tarraingtí a dhéanamh den Aontas. Chun earcaíocht ó lasmuigh den Aontas a éascú, d'fhéadfaí úsáid dhírithe a bhaint as faisnéis scileanna chun cumas na seirbhísí aitheantais a phleanáil agus a neartú, malartú faisnéise idir-inoibrithí iontaofa maidir le cáilíochtaí agus scileanna a chumasú, agus a áirithiú go bhfuil an fhaisnéis atá ar fáil d'fhostóirí agus d'fhostaithe araon inrochtana agus oiriúnach don fheidhm.

Tá deireadh ag teacht le ré na ndioplómaí páipéir. Tá tús curtha ag an Aontas le **dul i dtreo cáilíochtaí digiteacha agus dintiúir dhigiteacha a úsáid ar fud an chórais**[58]. Amach anseo, ba cheart go bhfaigheadh gach foghlaimeoir a cháilíochtaí, a dhintiúir agus a theidlíochtaí i bhformáid dhigiteach shlán ar a mbeidh faisnéis ilteangach agus ar féidir í a fhíorú ar an toirt. Éascóidh sé sin oibrithe oilte a mheaitseáil le poist, chomh maith le próisis earcaíochta agus aitheantais.

**Gníomhaíocht:** Féachfaidh an Coimisiún an bhféadfadh **leasú níos leithne a dhéanamh ar chóras an Aontais maidir le cáilíochtaí a aithint agus scileanna a bailíochtú**, chun a

[58] I mí Dheireadh Fómhair 2021, sheol an Coimisiún na dintiúir Eorpacha digiteacha don fhoghlaim, sraith caighdeán agus bogearraí chun dintiúir maidir le foghlaim atá saibhir ó thaobh sonraí de a thógáil, a shíniú, a eisiúint, a stóráil, a chomhroinnt, a fheiceáil agus a fhíorú.

áirithiú go bhfuil an creat dlí, na huirlisí agus na córais atá ann faoi láthair, amhail iad a chumhdaítear le Treoir 2005/36/CE, slán i bhfad na haimsire, uaillmhianach agus go rannchuidíonn siad le Margadh Aonair dea-fheidhmiúil**.** Áireofar leis sin machnamh a dhéanamh ar conas aitheantas cáilíochtaí a fhaightear i dtríú tíortha a fheabhsú a thuilleadh agus a mhéid a d'fhéadfadh comhchuibhiú a bheith riachtanach, bunaithe ar an taithí a fuarthas agus an Moladh reatha ón gCoimisiún á chur chun feidhme.

## 5. Comhpháirtíocht maidir le soghluaisteacht tallainne agus sealbhú scileanna

**Is féidir le comhar maidir le himirce lucht saothair tairbhí suntasacha a chruthú do thíortha tionscnaimh**, agus do thíortha glactha. Is féidir le soghluaisteacht tallainne cúrsaíocht scileanna agus aistriú eolais idir an tAontas agus tíortha comhpháirtíochta a chur chun cinn. Meastar gur thart ar EUR 65 bhilliún atá sa sreabhadh seoltáin ón Aontas chuig tíortha ísealioncaim agus meánioncaim, agus is féidir leis an airgead sin tacaíocht ríthábhachtach a chur ar fáil do na daoine is leochailí i dtíortha i mbéal forbartha[59]. Tá an Coimisiún tiomanta do chostais idirbhirt a laghdú agus d'aistrithe íocaíochta a éascú. Aithnítear i Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) na Náisiún Aontaithe go gcabhraíonn an imirce le fás agus forbairt chuimsitheach a chruthú, agus iarrtar iontu go mbeadh beartais ann chun 'imirce agus soghluaisteacht daoine atá sábháilte, rialta agus freagrach a éascú'[60].

Is tosaíocht de chuid an Chomhshocraithe maidir le hImirce agus Tearmann é an comhar maidir le conairí dlíthiúla. Ó glacadh an Comhaontú, tá seoladh na gComhpháirtíochtaí Tallainne ina phríomhfhócas d'iarrachtaí an Choimisiúin sa réimse sin. Cuireann Comhpháirtíochtaí Tallainne creat ar fáil don Aontas agus do thríú tíortha tábhachtacha oibriú le chéile chun borradh a chur faoin tsoghluaisteacht idirnáisiúnta a théann chun tairbhe don dá thaobh (féach thíos). Tá an Coimisiún ag obair freisin chun bealaí comhlántacha nuálacha a chur chun cinn atá nasctha le fostaíocht do dhaoine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu, mar rogha mhalartach inchreidte ar imirce neamhrialta[61]. Tá an comhar sin maidir le conairí dlíthiúla nasctha le comhpháirtíochtaí níos leithne maidir le gach gné den imirce.

Chun comhar idirnáisiúnta éifeachtach a áirithiú maidir le himirce lucht saothair, tá gá le rannpháirtíocht chomhbheartaithe arb é is aidhm di scileanna a fhorbairt, imirce daoine oilte a sheachaint, agus comhpháirtíochtaí a chur chun cinn idir páirtithe leasmhara éagsúla, lena n-áirítear údaráis ábhartha i dtíortha cinn scríbe agus tionscnaimh, san earnáil phríobháideach agus in institiúidí oiliúna. Tá an t-idirphlé ríthábhachtach chun cláir oibre chomhroinnte fhadtéarmacha a shainiú chun an méid sin a bhaint amach, agus, ag an am céanna, is féidir le tacaíocht fothaithe acmhainneachta rannchuidiú go mór le gníomhaíocht a dhéanamh de thosaíochtaí comhroinnte.

Tá rún daingean ag an Aontas freagairt d'ábhair imní dhlisteanacha tríú tíortha maidir le himirce daoine oilte, is é sin go bhféadfar saothar oilte i margaí an tsaothair a ídiú, agus srian a chur ar fhorbairt. Tá oibleagáidí tuairiscithe sa Treoir maidir le Cárta Gorm chun faireachán

59 Lá Idirnáisiúnta na Seoltán:Tá an tAontas tiomanta do chostais na n-idirbheart a laghdú chun an leas is mó is féidir a bhaint as príomhfhoinse ioncaim na n-imirceach agus a dteaghlach (europa.eu); Togra le haghaidh Rialachán maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Rialachán (AE) 1093/2010, COM/2023/367 final.

60 Sprioc 10.7 de Sprioc 10 maidir leis an neamhionannas a laghdú laistigh de thíortha agus i measc tíortha.

61 Moladh (AE) 2020/1364 ón gCoimisiún maidir le bealaí dlíthiúla chun cosanta san Aontas: athlonnú, ligean isteach ar fhoras daonnúil agus bealaí comhlántacha eile a chur chun cinn.

a dhéanamh ar a thionchar ar imirce daoine oilte agus spreagtar tacaíocht d'imirce chiorclach náisiúnach tríú tír ardoilte. Tacóidh bearta a leagtar amach sa Teachtaireacht seo leis an gcur chuige sin trí dhul i ngleic le cur amú éirime ar mhaithe le tíortha tionscnaimh na n-oibrithe freisin. Trína áirithiú go n-earcaítear náisiúnaigh tríú tír chuig poist a fhreagraíonn dá scileanna agus dá gcáilíochtaí i margadh an tsaothair, méadaítear an acmhainneacht maidir le haistriú scileanna idir an tAontas agus na tíortha comhpháirtíochta chomh maith le seoltáin.

Ní mór leanúint den obair chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní maidir le himirce daoine oilte. Bealach amháin chun an riosca a laghdú is ea **díriú ar chomhar le tríú tíortha in earnálacha ina bhfuil saintréithe an mhargaidh saothair comhlántach** ó thaobh sholáthar na n-oibrithe a bheith iomarcach nó easnamhach. Ina theannta sin, is féidir leis an Aontas agus leis na Ballstáit an comhar a dhíriú ar earnálacha ina bhfuil gá coiteann le hoibrithe agus an comhar imirce a chomhlánú le **cláir forbartha scileanna** a d'fhéadfadh dul chun tairbhe don dá mhargadh saothair, rud a d'fhágfadh go mbeadh inimirce daoine oilte ann seachas riosca go mbeadh imirce daoine oilte ann.

**Ag tógáil ar na córais náisiúnta atá ann cheana** i dtíortha tionscnaimh, tá an tAontas i mbun comhair cheana féin maidir le scileanna le comhpháirtithe roghnaithe faoi chlár oibre na Tairsí Domhanda agus ar fud Chomharsanacht an Aontais chun neartú a dhéanamh ar chumas na dtíortha comhpháirtíochta oibriú leis an Aontas ar thosaíochtaí straitéiseacha i réimsí amhail an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach. Tacaíonn an tAontas freisin le barr feabhais san oideachas, mar shampla tríd an Tionscnamh Múinteoirí Réigiúnach don Afraic (RTIA)[62].

I gcás inar féidir, ba cheart **do chláir forbartha scileanna atá nasctha le scéimeanna soghluaisteachta leas a bhaint freisin as caighdeáin oiliúna a chuirtear i bhfeidhm sna Ballstáit** sna hearnálacha spriocdhírithe. I gcás inar gá, d'fhéadfaí oiliúint a chur ar fáil tar éis teacht isteach san Aontas chun mionbhearnaí scileanna atá fós ann a líonadh. Ní mór don chomhar aghaidh a thabhairt freisin ar inchomparáideacht na gcreataí cáilíochtaí agus na meastóireachta ar dhintiúir.

### *Comhpháirtíochtaí Tallainne*

Is é is aidhm do **Chomhpháirtíochtaí Tallainne** creataí a chur ar fáil le haghaidh comhar méadaithe idir an tAontas, na Ballstáit agus tíortha comhpháirtíochta roghnaithe maidir le soghluaisteacht tallainne agus forbairt scileanna. Agus iad ag obair i gcur chuige Fhoireann na hEorpa, is féidir leis na comhpháirtíochtaí sin tairbhí a chur ar fáil don dá thaobh i gcomhréir le **tosaíochtaí saincheaptha a théann chun tairbhe don dá thaobh**[63]. Tá sé tábhachtach Comhpháirtíochtaí Tallainne a mhéadú go mór, agus ní mór go mbeidís fite fuaite le comhar cuimsitheach maidir le bainistiú imirce, lena n-áirítear go háirithe maidir le comhar éifeachtach maidir le hathligean isteach.

Sheol an tAontas Comhpháirtíochtaí Tallainne le déanaí le Maracó, leis an Túinéis, leis an Éigipt, leis an bPacastáin agus leis an mBanglaidéis. Trí chruinnithe comhchéime a tionóladh le gach ceann de na tíortha sin[64] le rannpháirtíocht na mBallstát leasmhar, bhíothas in ann díriú ar earnálacha agus gairmeacha comhleasa a shainaithint. Léirigh na **comhpháirtithe suim mhór sa chomhar maidir le forbairt scileanna agus aitheantas cáilíochtaí**. Measadh go raibh gá le sonraí chun comparáid a dhéanamh idir caighdeáin inniúlachta do ghairmeacha

[62] https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/ip_23_288
[63] COM(2022) 657 final.
[64] Tionóladh cruinnithe comhchéime an 1 Márta 2023 leis an mBanglaidéis, an 15 Márta leis an bPacastáin, an 26 Aibreán le Maracó, leis an Éigipt an 7 Meitheamh, agus leis an Túinéis an 22 Meitheamh.

tosaíochta mar chéad chéim riachtanach chun bearta a cheapadh i réimsí amhail forbairt scileanna, aitheantas cáilíochtaí agus oiliúint réamhimeachta. Léiríodh sa phlé freisin go bhféadfaí comhar a dhéanamh maidir le hearcaíocht, faisnéis a sholáthar maidir le saincheisteanna atá ábhartha don tsoghluaisteacht, agus ath-lánpháirtiú inbhuanaithe mar chuid den imirce chiorclach. Is féidir le Comhpháirtíochtaí Tallainne tacú freisin le hobair chun iarrthóirí tríú tír a réamhscagadh roimh earcaíocht, chun tacú le tástáil le haghaidh gairmeacha spriocdhírithe, agus le haghaidh oiliúint réamhimeachta amhail cúrsaí teanga.

Is dócha go mbeidh spéis ar leith ag fostóirí an Aontais in iarrthóirí a ghlac páirt i ngníomhaíochtaí a bhaineann le Comhpháirtíochtaí Tallainne. Dá bhrí sin, déanfar taifead de na náisiúnaigh tríú tír sin i linn tallann an Aontais Eorpaigh le cur in iúl go bhfuil '**Pas Comhpháirtíochta Tallainne**' acu, rud a bheidh infheicthe ag fostóirí ionchasacha agus a chuirfidh faisnéis ar fáil maidir leis na scileanna a forbraíodh nó a bailíochtaíodh i gcomhthéacs na Comhpháirtíochta Tallainne. San áireamh sa phas bheadh faisnéis faoi oideachas agus oiliúint an chuardaitheora post, chomh maith le scileanna agus cáilíochtaí a bailíochtaíodh i gcomhthéacs na Comhpháirtíochta Tallainne.

Ó 2016 i leith, seoladh comhar earnála maidir le scileanna faoi '**chomhaontais treoirphlean Erasmus+**' i roinnt réimsí atá ábhartha maidir leis an aistriú glas agus an t-aistriú digiteach[65]. Thacaigh roinnt acu le cláir oiliúna atá faoi stiúir an tionscail a fhorbairt. D'fhéadfadh Comhpháirtíochtaí Tallainne creat luachmhar a chur ar fáil chun iad sin a chur in oiriúint do chomhthéacs tríú tír.

Tá ról na h**earnála príobháidí Eorpaí** bunriachtanach do ghníomhaíochtaí na Comhpháirtíochta Tallainne maidir le hoiliúint agus earcaíocht araon. Is féidir le hinfheistíochtaí ón earnáil phoiblí na ranníocaíochtaí fíor-riachtanacha ón earnáil phríobháideach a bhaineann tairbhe as oibrithe oilte a chomhlánú ach ní féidir leo dul in ionad na ranníocaíochtaí sin, chun inbhuanaitheacht fhadtéarmach na ngníomhaíochtaí sin a áirithiú. Tá an earnáil phríobháideach, lena n-áirítear comhlachais ghairmiúla, rannpháirteach cheana féin i ngníomhaíochtaí a mhaoinítear faoi na Comhpháirtíochtaí Tallainne, go háirithe i ndearadh curaclam le haghaidh oiliúna i dtríú tíortha.

Áiritheoidh an Coimisiún, na bearta a leagtar amach sa phacáiste seo maidir le cáilíochtaí náisiúnach tríú tír a aithint agus a scileanna a bhailíochtú, go mbeidh siad comhlántach le Comhpháirtíochtaí Tallainne agus go dtacóidh siad leo.

**Gníomhaíocht: Comhar le tríú tíortha faoi chuimsiú na gComhpháirtíochtaí Tallainne.**
Ag brath ar na riachtanais a shaineofar i gcomhar le tíortha comhpháirtíochta agus leis na Ballstáit rannpháirteacha, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

- **machnamh a dhéanamh ar anailís spriocdhírithe a dhéanamh ar chreataí cáilíochta thíortha na Comhpháirtíochta Tallainne;**
- **fothú acmhainneachta na gcóras oideachais agus oiliúna** i dtíortha na Comhpháirtíochta Tallainne a spreagadh, agus leas á bhaint as na gníomhaíochtaí atá beartaithe faoin Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta, chomh maith le gné idirnáisiúnta Erasmus+;

[65] Tugann na comhaontais sin príomhpháirtithe leasmhara ó éiceachórais thionsclaíocha éagsúla le chéile, lena n-áirítear gnólachtaí, ceardchumainn, institiúidí oideachais agus oiliúna, chomh maith le húdaráis phoiblí. Aithnítear sa Chlár Oibre Eorpach do Scileanna gur príomhthionscnamh é an Treoirphlean um chomhar earnála maidir le scileanna chun réitigh forbartha scileanna a chur ar fáil.

- i gcomhar leis na Ballstáit, feabhas a chur ar an bh**faisnéis maidir le nósanna imeachta aitheantais le haghaidh náisiúnaigh tríú tír** a dhírítear ar thíortha Comhpháirtíochta Tallainne;
- **comhar a fhorbairt idir na Ballstáit agus na tíortha comhpháirtíochta atá rannpháirteach i gComhpháirtíochtaí Tallainne maidir le cáilíochtaí a aithint**.

## 6. SOGHLUAISTEACHT FOGHLAIMEOIRÍ AGUS BALL FOIRNE ATÁ PÁIRTEACH I DTEAGASC AGUS IN OILIÚINT A ÉASCÚ — 'AN EORAIP AG GLUAISEACHT'

Mar chuid den phacáiste seo maidir le soghluaisteacht tallainne, tá **Moladh ón gComhairle maidir le creat soghluaisteachta foghlama athnuaite** á mholadh ag an gCoimisiún. Rachaidh sprioc an togra seo chun soghluaisteacht foghlama a éascú laistigh den Aontas chun tairbhe do shaoránaigh an Aontais ar an gcéad dul síos. Ach tugann sé an deis freisin dlúthchomhar a spreagadh maidir le soghluaisteacht foghlama le tríú tíortha i g**cur chuige Fhoireann na hEorpa**, agus leas á bhaint as tarraingteacht fhoriomlán an Aontais mar cheann scríbe d'fhorbairt scileanna. Is féidir leis sin cur le gníomhaíochtaí chlár Erasmus+, go háirithe an tionscnamh 'Staidéar san Eoraip' agus gníomhaíochtaí Erasmus Mundus a bhfuil aidhm shonrach acu mic léinn éirimiúla ó thríú tíortha a mhealladh chuig an Aontas. Iarrtar leis an togra freisin go ndéanfaí gníomhaíocht chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhíonn roimh náisiúnaigh tríú tír arís agus arís eile, go háirithe nósanna imeachta maidir le víosaí nó ceadanna cónaithe a eisiúint dóibh a roghnaíonn an Eoraip mar cheann scríbe foghlama.

Mic léinn ardoideachais a bhain tairbhe as soghluaisteacht foghlama trí Erasmus+, is mó seans go mbeidh siad ag obair thar lear nó i bpost a bhfuil gné idirnáisiúnta ag baint leis[66]. Nuair a fhaigheann daoine taithí dhearfach le linn soghluaisteacht foghlama sealadaí laistigh den Aontas, bíonn fonn níos mó orthu filleadh tráth éigin chun post a ghlacadh.

Leis an togra, moltar do na Ballstáit **deireadh a chur leis na bacainní atá fós ann ar an tsoghluaisteacht foghlama ar an gcoigríoch** agus leabaítear an deis le haghaidh tréimhsí soghluaisteachta i ngach curaclam oideachais agus oiliúna. Tá comhar na mBallstát le hinstitiúidí i dtíortha comhpháirtíochta ríthábhachtach freisin, lena n-áirítear leas iomlán a bhaint as Cód Víosaí an Aontais[67] agus as an Treoir maidir le Mic Léinn agus Taighdeoirí[68].

**Gníomhaíocht:** Molann an Coimisiún **Moladh ón gComhairle maidir le Creat Soghluaisteachta Foghlama**[69].

Mar chuid den togra seo, iarrtar ar na Ballstáit comhoibriú go dlúth i gcur chuige Fhoireann na hEorpa chun an Eoraip a chur chun cinn a thuilleadh mar cheann scríbe foghlama do dhaoine tréitheacha ó thríú tíortha. Chuirfeadh daingniú Choinbhinsiún Domhanda UNESCO maidir le Cáilíochtaí Ardoideachais a Aithint ag na Ballstáit go mór leis sin freisin.

Tacóidh an Coimisiún le cur chun feidhme an mholta tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

66 Staidéar ar Thionchar Ardoideachais Erasmus+, 2019.
67 Rialachán 810/2009 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir le Víosaí (Cód Víosaí).
68 Treoir 2016/801 maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe do náisiúnaigh tríú tír chun críocha taighde, staidéar, oiliúna, seirbhíse deonaí, scéimeanna malartaithe daltaí nó tionscadal oideachais agus obair au pair.
69 COM(2023) 719 final.

- mapáil a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as sruthanna cistiúcháin ábhartha de chuid an Aontais (e.g. Erasmus+, an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach) agus cistiú eile ar an leibhéal náisiúnta nó idirnáisiúnta chun feasacht ar dhea-chleachtas a ardú agus chun sineirgí a chothú idir gníomhaíochtaí soghluaisteachta foghlama. Chuidigh comhghuaillíochtaí na nOllscoileanna Eorpacha faoin Limistéar Eorpach Oideachais le soghluaisteacht chothrom mac léinn laistigh den Aontas a chothú agus d'fhéadfadh an cur chuige soghluaisteacht fheabhsaithe lasmuigh de theorainneacha an Aontais a spreagadh freisin;
- tacú leis na Ballstáit cur chuige cuimsitheach a fhorbairt maidir le múineadh agus foghlaim teangacha, a mbeadh tionchar tairbhiúil aige ar náisiúnaigh tríú tír freisin.

## 7. CONCLÚID

Leagtar amach sa Teachtaireacht seo sruthanna oibre éagsúla chun tarraingteacht an Aontais a mhéadú d'oibrithe oilte tríú tír a bheidh ríthábhachtach do shláinte mhargadh saothair an Aontais amach anseo. Is féidir iad sin a shaothrú in éineacht le príomhspriocanna beartais eile amhail an lucht saothair intíre a uas-sciliú agus a athsciliú, soghluaisteacht foghlama, lánpháirtiú náisiúnach tríú tír, a áirithiú go mbeidh dálaí oibre cothroma ag gach oibrí san Aontas, agus imirce neamhrialta chuig an Aontas a dhídhreasú.

Ní mór soghluaisteacht fheabhsaithe a bheith bunaithe ar fhaisnéis chruinn maidir le margadh an tsaothair agus scileanna, agus béim shoiléir á leagan ar ghairmeacha ina bhfuil fíorghanntanas. Beidh dlúthchomhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta maidir le bealaí dlíthiúla chuig an Aontas ríthábhachtach.

Chun go n-éireoidh leis an tsoghluaisteacht tallainne, ní mór d'údaráis náisiúnta agus do pháirtithe leasmhara ar fud earnálacha éagsúla, lena n-áirítear imirce, fostaíocht agus forbairt scileanna, agus oideachas, oibriú i dtreo cuspóirí comhroinnte. Tá an Coimisiún tiomanta do thacú leis an gcomhar trasearnála sin agus tá sé ag brath ar rannpháirtíocht láidir Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus na mBallstát, agus na gcomhpháirtithe sóisialta chun dlús a chur le tarraingteacht an Aontais do thallann agus scileanna domhanda.

## IARSCRÍBHINN

**Samplaí de ghníomhaíochtaí atá ar bun chun an leas is fearr is féidir a bhaint as acmhainneacht lucht saothair intíre an Aontais**

*Agus aghaidh á tabhairt ar ghanntanais lucht saothair agus scileanna, is í an chéad thosaíocht atá ag an Aontas an leas is fearr is féidir a bhaint as acmhainneacht an lucht saothair atá san Aontas cheana. Tá idirphlé leis na comhpháirtithe sóisialta ríthábhachtach don phróiseas sin, agus tá sé ag cur le tarraingteacht na fostaíochta, go háirithe trí aghaidh a thabhairt ar dhálaí oibre neamhleora, comhdheiseanna a chur chun cinn agus idirdhealú a chomhrac. Tá go leor gníomhaíochtaí ar siúl cheana féin:*

* *Faoi 18 gComhpháirtíocht Scileanna Mórscála, faoin g**Comhaontú um Scileanna**, tugtar comhpháirtithe sóisialta agus páirtithe leasmhara le chéile chun athsciliú a dhéanamh ar na milliúin duine, agus tá tuilleadh comhpháirtíochtaí ar na bacáin.*
* *Chun go mbeidh sé **níos tapúla agus níos éasca scileanna digiteacha a aithint**[70], seoladh clár píolótach maidir leis an Deimhniú Eorpach um Scileanna Digiteacha agus beidh sé ina lipéad cáilíochta maidir le deimhniú scileanna digiteacha, in éineacht leis an gCreat Inniúlachta Digití, mar chreat tagartha do **scileanna digiteacha**.*
* *Tá athchóirithe suntasacha printíseachta á saothrú ag formhór na mBallstát, le tacaíocht ón gCoimisiún tríd an g**Comhaontas Eorpach do Phrintíseachtaí**.*
* *Tá thart ar EUR 65 bhilliún[71] á infheistiú in oiliúint ó **chistí an Aontais**. Áirítear leis sin cabhrú le **100 tionscadal** le haghaidh **Ionaid barr feabhais gairme** i réimsí amhail ardmhonaraíocht nó intleacht shaorga.*
* *Tá níos mó ná EUR 1.1 billiún[72] á infheistiú ag an Aontas chun 60 **comhghuaillíocht nOllscoileanna Eorpacha** ar a laghad a chur i bhfeidhm ina bhfuil níos mó ná 500 institiúid ardoideachais rannpháirteach, agus é ag gníomhú mar cheannródaithe chun scileanna a sheasfaidh an aimsir a chur ar fáil do mhic léinn agus d'fhoghlaimeoirí ar feadh an tsaoil*
* *Tá uas-sciliú agus athsciliú éifeachtach á gcur chun cinn ag beartas agus cistiú an Aontais. Tá thart ar leath de na Ballstáit ag obair chun **cuntais foghlama aonair**[73] a chruthú, agus é mar aidhm acu an deis a thabhairt do gach duine fásta oiliúint atá ábhartha do mhargadh an tsaothair a fháil. Is uirlis éifeachtach uas-scilithe agus athscilithe iad micridhintiúir chun bearnaí scileanna nua atá ag teacht chun cinn a líonadh[74].*

---

70 Seoladh é mar chuid den Phacáiste maidir le Scileanna Digiteacha agus Oideachas Digiteach an 18 Aibreán 2023.

71 Áirítear leis sin tacaíocht ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus, faoi na pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, agus ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa chomh maith le EUR 400 milliún trí Erasmus+.

72 Tacaíocht Erasmus+ don tréimhse 2021-2027.

73 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=celex%3A32022H0627%2803%29

74 Moladh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 maidir le cur chuige Eorpach i leith micridhintiúir le haghaidh na foghlama ar feadh an tsaoil agus na hinfhostaitheachta. Fuarthas tacaíocht airgeadais ón Aontas go príomha ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus agus ó Erasmus+.

* *Tacóidh an* ***Sásra Chun Cur leis an Tallann*** *le réigiúin maidir le daoine a bhfuil scileanna acu a oiliúint, a choinneáil agus a mhealladh, go háirithe réigiúin óna bhfuil líon nach beag oibrithe ag imeacht mar chuid den obair chun leas a bhaint as buanna i réigiúin na hEorpa*[75]*.*

* *Áirítear sa Mholadh ón gComhairle maidir le hioncam íosta*[76] *díriú ar* ***bhealaí chun fostaíochta*** *a chur ar fáil dóibh siúd is faide ó mhargadh an tsaothair, lena n-áirítear tacaíocht ioncaim, cabhair chun post a fháil, chomh maith le seirbhísí sóisialta pearsantaithe.*

* *Dírítear sa Ráthaíocht don Aos Óg*[77] *agus sa tionscnamh ALMA*[78] *ar* ***dhaoine óga nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna*** *a thabhairt isteach sa mhargadh fostaíochta, rud a chabhraigh le níos mó ná 43 mhilliún duine a bheith fostaithe nó a bheith in oideachas leanúnach, printíseacht nó tréimhse oiliúna le 10 mbliana anuas*[79]*.*

* *Leis an b****plean gníomhaíochta maidir le lánpháirtiú agus cuimsiú 2021-2027***[80] *agus le* ***plean gníomhaíochta an Aontais maidir le frithchiníochas***[81]*, tacaítear le náisiúnaigh tríú tír agus saoránaigh den Aontas a bhfuil cúlra imirceach, nó cúlra cine mionlaigh nó mionlaigh eitnigh acu a chuimsiú i margadh an tsaothair san Aontas.*

* *Tá cur chun feidhme beartas chun* ***saorghluaiseacht oibrithe a éascú*** *neartaithe ag an Údarás Eorpach Saothair (ELA) nua. Le* ***digitiú agus comhordú na gcóras slándála sóisialta****, tá feidhmiú na gceart slándála sóisialta trasteorann á n-éascú a thuilleadh*[82]*.*

* *Beidh reachtaíocht nua maidir le Pá Íosta ríthábhachtach chun* ***cearta oibrithe a fheabhsú****, agus tograí ón gCoimisiún maidir le hobair ardáin, cosaint ar shubstaintí contúirteacha ag an obair, agus comhlachtaí comhionannais neartaithe chomh maith leis an togra atá le teacht maidir leis an gcreat cáilíochta do chúrsaí oiliúna a neartú, chuirfidís feabhas nach beag ar dhálaí oibre.*

* ***Limistéar Eorpach Oideachais*** *a bhaint amach, ina bhfaighidh daoine óga agus foghlaimeoirí ar feadh an tsaoil an t-oideachas agus an oiliúint is fearr agus inar féidir leo staidéar a dhéanamh agus poist a aimsiú ar fud na mór-roinne, beidh sé sin ríthábhachtach chun dul i ngleic le ganntanais saothair agus scileanna, le tacaíocht ó chistí an Aontais*[83]*.*

* *Tacaíonn an Coimisiún leis na Ballstáit tríd an* ***Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil*** *– agus d'fhéadfaí áireamh leis sin tacaíocht chun athchóirithe imirce saothair a dhearadh agus a chur i bhfeidhm*[84]*, sásraí um réamhaisnéis scileanna a dhearadh agus a bhunú*[85]*,*

---

[75] COM(2023) 32 final.
[76] Moladh ón gComhairle an 30 Eanáir 2023 maidir le hioncam íosta leordhóthanach lena n-áirithítear cuimsiú gníomhach.
[77] An Ráthaíocht don Aos Óg atreisithe – Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú – An Coimisiún Eorpach (europa.eu)
[78] ALMA (Aim, Learn, Master, Achieve) [Beartaigh, Foghlaim, Máistrigh, Gnóthaigh]
[79] COM(2023) 577 final.
[80] COM(2020) 758 final.
[81] COM(2020) 565 final.
[82] COM(2023) 501 final.
[83] Tá clár Erasmus+ ag treisiú a thacaíochta do dheiseanna soghluaisteachta foghlama do mhic léinn, d'fhoghlaimeoirí gairmoideachais agus gairmoiliúna, do phrintísigh, d'fhoghlaimeoirí fásta agus do dhaltaí scoile, d'fhonn borradh a chur faoin gcuimsiú agus aghaidh a thabhairt ar an éileamh méadaithe ar scileanna ar fud an Aontais agus níos faide i gcéin.
[84] Tionscnamh Suaitheanta TSI 2023 'Imeascadh imirceach agus mealladh tallann (europa.eu)'

*agus nósanna imeachta a éascú maidir le cáilíochtaí a aithint agus scileanna a bhailíochtú.*

[85] Tionscnamh Suaitheanta TSI 2024 'Tionscnamh shuaitheanta maidir le Scileanna: Córais forbartha scileanna a chothú atá níos oiriúnaí don mhargadh saothair (europa.eu)'